Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/854

12.3.2024

# CINNEADH (AE) 2024/854 ÓN gCOMHAIRLE

## an 7 Márta 2024

## lena gcuirtear síneadh le téarma oifige Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 158(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

An 21 Samhain 2023, tar éis dó dul i gcomhairle le Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO, chinn Bord Bainistíochta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a mholadh don Chomhairle síneadh a chur le téarma oifige Andrea DI CARLO mar Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO go ceann tréimhse bhreise 5 bliana, ón 1 Samhain 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le téarma oifige Andrea DI CARLO mar Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh go ceann tréimhse 5 bliana a thosóidh an 1 Samhain 2024 agus a chríochnóidh an 31 Deireadh Fómhair 2029.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2024.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
D. CLARINVAL

([1]) IO L 154, 16.6.2017, lch. 1.